

Alt 80 den Acht Airgeadais 2021
Cuid 22A den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 (TCA 1997)

Foilsiú Léarscáile Fhorlíontach Cánach do Thalamh atá Criosaithe mar Cheantar Cónaithe

Ullmhaíodh Léarscáil Fhorlíontach, faoi Rannóg 653F d'Acht Comhdhlúite Cánacha 1997, chun píosaí breise a chur leis an Dréachtléarscáil a d'fhoilsigh Comhairle Contae na Mí roimhe seo agus beidh sé ar fáil le féachaint air ón **1 Bealtaine 2023** ar líne ag <https://consult.meath.ie> agus freisin in oifig Chomhairle Contae na Mí, Teach Buvinda, Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Uaimh, Co. na Mí, C15 Y291, Luan go hAoine idir 9rn-1in agus 2in-5in (**féachaint ar líne ar fáil ag cuntar poiblí amháin**).

Ullmhaíodh an Léarscáil Fhorlíontach seo chun críocha talamh a shainaitheint, seachas an talamh atá san áireamh ar an Dréachtléarscáil, a shásaíonn na critéir ábhartha agus atá le bheith faoi réir Cánach do Thalamh atá Criosaithe mar Cheantar Cónaithe.

Ní bheidh maoiné cónaithe, in ainneoin go bhféadfaí iad a áireamh ar an Léarscáil Fhorlíontach, inmhuirir don cháin ar thalamh atá criosaithe mar cheantar cónaithe.

Séard atá i gceist le 'Talamh a Shásaíonn na critéir' ná thalamh a:

- a) Tá san áireamh i bPlean Forbartha, de réir alt 10(2)(a) d'Acht 2000, nó Plean Ceantair Áitiúil, de réir alt 19(2)(a) d'Acht 2000, criosaithe
 - (i) le haghaidh úsáide cónaithe amháin nó go príomha, nó
 - (ii) do mheascán úsáidí, lena n-áirítear úsáid chónaithe;
- b) go bhfuil sé réasúnach a mheas go bhféadfadh rochtain a bheith aige, nó go bhfuil baint aige, le bonneagar agus áiseanna poiblí, lena n-áirítear bóithre agus cosáin, soilsiú poiblí, draenáil shéarach bréan, draenáil uisce dromchla agus soláthar uisce, is gá chun teaghaisí a fhorbairt agus a bhfuil toilleadh seirbhíse dóthanach ar fáil d'fhorbairt den sórt sin; agus
- c) go bhfuil sé réasúnach a mheas nach ndéanann nithe difear go leor, ó thaobh cuma fhisiciúil na h-áite, chun cosc a chur ar theaghaisí a sholáthar, lena n-áirítear éilliú nó láithreach iarsmaí seandálaíochta nó stairiúla atá ar eolas,

ach ní talamh a:

- (i) luaitear i mír (a)(i) agus, a thagraíonn do chúrsaí forbartha amháin (de réir bhrí Acht 2000 amháin) nach forbairt neamhúdraithe é (de réir bhrí Acht 2000), atá in úsáid mar áitreabh ina bhfuil trádáil nó gairm á seoladh ann, atá faoi dhliteanas rátaí tráchtála, go bhfuil sé réasúnach a mheas go bhfuil sí á húsáid chun seirbhísí a sholáthar do chónaitheoirí limistéir chónaithe in

aice láimhe;

- (ii) luaitear i mír (a)(ii), mura bhfuil sé réasúnach a mheas go bhfuil an talamh folamh nó díomhaoin;
- (iii) atá réasúnach a mheas go bhfuil sé riachtanach nó tábhachtach le haghaidh áitíochta ag:
- (a) bonneagar agus saoráidí sóisialta, pobail nó rialtais, lena n-áirítear bonneagar agus saoráidí a úsáidtear chun críocha riaracháin phoiblí nó chun oideachas nó cúram sláinte a sholáthar,
 - (b) áiseanna agus bonneagar iompair,
 - (c) bonneagar agus áiseanna fuinnimh,
 - (d) bonneagar agus áiseanna teileachumarsáide,
 - (e) bonneagar agus áiseanna uisce agus fuíolluisce,
 - (f) bonneagar bainistíochta agus diúscartha dramhaíola, nó
 - (g) bonneagar áineasa, lena n-áirítear áiseanna spóirt agus clóis súgartha;
- iv) atá faoi réir ainmniú reachtúil a d'fhéadfadh cosc a chur ar fhorbairt; nó
- v) ar a bhfuil an tobhach ar láithreáin thréigthe iníoctha de réir an Achta um Láithreáin Thréigthe 1990.

Conas aighneacht a dhéanamh

Beidh an Léarscáil Fhorlíontach ar taispeáint go poiblí ón 1 Bealtaine 2023 go dtí an 1 Meitheamh 2023, san áireamh, agus beidh sí ar fáil lena scrúdú ar líne ag <https://consult.meath.ie> nó is féidir féachaint air in oifig Chomhairle Contae na Mí, Teach Buvinda, Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Uaimh, Co. na Mí, C15 Y291 (**féachaint ar líne ar fáil ag cuntar poiblí amháin**).

Féadfar aighneachtaí ar an Léarscáil Fhorlíontach a dhéanamh chuig Comhairle Contae na Mí **tráth nach déanaí ná an 1 Meitheamh 2023** maidir le:

- (i) suíomhanna sonracha a eisiamh ón léarscáil deiridh, nó
- (ii) an dáta ar shásaigh suíomh na critéir ábhartha den chéad uair.

Ba cheart go mbeadh aighneachtaí in **aon** mheán amháin, i.e. ar líne nó i gcóip chrua agus déanta mar seo a leanas:

- ar líne ag <https://consult.meath.ie/> ; nó
- I scríbhinn chuig: Oifigeach Feidhmiúcháin Sinsearach, An Roinn Pleanála, Comhairle Contae na Mí, Teach Buvinda, Bóthar Bhaile Átha Cliath, An Uaimh, Co. na Mí, C15 Y291.

Tabhair faoi deara le do thoil nach féidir breathnú ar aighneachtaí déanacha nó ar ríomhphost agus go seolfar ar ais iad.

Ba cheart go n-áireofaí in aighneachtaí ó úinéirí talún ainm agus seoladh, cúiseanna le tailte a eisiamh, mar aon le léarscáil ar scála 1:1,000 (limistéar uirbeach) nó 1:2,500 (limistéar tuaithe) ag sainaitheint go soiléir an limistéar talún atá faoi réir na haighneachta.

Sa chás go bhfuil talamh atá aitheanta ar an Léarscáil Fhorlíontach san áireamh i bPlean Forbartha nó i bPlean Ceantair Áitiúil de réir alt 10(2)(a) nó 19(2)(a) d'Acht 2000 criosaithe:

(i) le haghaidh úsáide cónaithe amháin nó go príomha, nó

(ii) do mheascán úsáidí, lena n-áirítear úsáid chónaithe,

agus i gcás talamh a shainnítear ar an Léarscáil Fhorlíontach mar thalamh a bheith faoi réir na cánach do thalamh atá criosaithe mar cheantar cónaithe, féadfaidh duine, más é an duine gur leis an talamh é, aighneacht a dhéanamh chuig Comhairle Contae na Mí ag iarraidh go ndéanfaí athrú ar chriosú a gcuid talún. Ba cheart go n-áireodh aon aighneacht den sórt sin fianaise ar úinéireacht, cúiseanna mionsonraithe le haon iarratas ar athchriosú, chomh maith le léarscáil ar scála 1:1,000 (uirbeach) nó 1:2,500 (tuaithe) ag sainaitheint go soiléir an píosa talún ábhartha. Breithneoidh Comhairle Contae na Mí gach iarratas ar athchriosú a dhéanfar ag féachaint do phleanáil cheart agus d'fhorbairt inbhuanaithe an cheantair.

Déanfar aon aighneachtaí den sórt sin a gheofar roimh an 1 Meitheamh 2023, seachas gnéithe aighneachta a fhéadfaidh a bheith ina sonraí pearsanta, a fhoilsiú ar an suíomh Gréasáin arna chothabháil ag Comhairle Contae na Mí tráth nach déanaí ná an 11 Meitheamh 2023.

Le haghaidh ceisteanna, seol ríomhphost chuig rzlt@meathcoco.ie nó cuir glaoch ar 046-9097500.

Maidir le fáisnéis phearsanta (sonraí) a bhailítear le linn an phróisis chomhairliúcháin (lena n-áirítear bailiú sonraí pearsanta íogaire), is chun críche aighneachtaí a fháil agus déileáil leo a chruinnítear an t-eolas seo agus tá aon sonraí a bhailítear faoi réir ráiteas príobháideachta Chomhairle Contae na Mí atá le fáil ag www.meath.ie.